

R7

CÉIMEANNA AN BHRÓIN

(Féadtar é seo a úsáid le grúpaí agus daoine aonair éagsúla)

Freagairt don bhás atá nádúrtha agus sláintiúil agus a d'fhéadfaí a thuar is ea an brón. Cé go bhfuil céimeanna leith sa phróiseas bróin, gabhann daoine trí na céimeanna sin in oird éagsúla agus ar luasanna difriúla. Creidtear gur iondúil go dtógann daoine fásta thart ar dhá bhliain leis an bpróiseas bróin a chur taobh thiar díobh, ach maidir le leanaí agus le hógánaigh, d'fhéadfadh sé go mbeadh scála ama níos faide i gceist de réir mar a thiocfadh saincheisteanna chun cinn agus iad ag fás aníos agus ag cur clocha míle forbartha díobh.

Séanadh, maoile mothúchán, suaitheadh (suas le 6 seachtaine)

- Diúltú glacadh le bás duine
- Mothúcháin a thagann chun cinn a choinneáil faoi chois Diúltú labhairt faoin mbás
- Coinníonn an duine atá fágtha faoi bhrón an-ghnóthach ionas nach smaoiníodh ar an mbás
- D'fhéadfadh sé go mbeadh comharthaí ann go bhfuil an duine atá fágtha faoi bhrón trína chéile agus go bhfuil dearmad á dhéanamh aige ar ghnáthaimh laethúla
- D'fhéadfadh sé go bhfanfadh leanaí ciúin, go dtarraingeoidís siar ó dhaoine, nó go gcuirfidís rachtanna caointe díobh.

Brón géar/cumha i ndiaidh an duine a bhásaigh (6 seachtaine go 4 mhí)

- Brón géar – caoineadh
- Taomanna péine fisiciúla, lena n-áirítear easpa goile agus codladh corrach
- Pian mhothúcháinach, lena n-áirítear gruaim, éadóchas, gan a bheith in ann an intinn a dhíriú ar nithe
- Eagla faoin mbeatha tar éis bháis, tromluí, taibhsí
- Dí-eagrú
- Mothúcháin láidre chiontachta agus iad féin agus daoine eile a cheistiú, go háirithe i gcás bás tobann
- Fearg leis an duine a bhásaigh as iad a fhágáil
- D'fhéadfadh an duine atá fágtha faoi bhrón diúltú do thairiscintí sóláis.

Dul i gcleachtadh ar an saol d'uireasa an duine a bhásaigh (6 mhí go 18 mí) Tosaíonn daoine ag dul i gcleachtadh ar an saol d'uireasa an duine atá imithe uathu Braistint uaignis

Imní orthu go ligfidh siad an duine básaithe i ndearmad Níos lú caointe agus cantail

Fadhbanna pearsantachta a bhí ag an duine cheana féin a dhéanamh níos measa. D'fhéadfadh sé gur mó an baol a bheadh ann go mbeadh deacrachtaí mothúcháinacha agus iompair ag leanaí a bhfuil lagmheas acu orthu féin.

Normalú an tsaoil

- Ar an tseanléim arís
- I ndea-ghiúmar agus in ann spraoi a dhéanamh arís
- In ann páirt a ghlacadh i gcaidrimh nua ó thaobh mothúchán de
- Athrú meoin faoin duine a bhásaigh - in ann smaoineamh ar an duine a bhásaigh gan bheith i bpian
- Maolú ar na hairí coirp/mothúcháin
- Ní airíonn sé chomh ciontach sin a thuilleadh.